C/2026/4623

31.8.2026

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

Treoraíocht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724

(C/2026/4623)

Is é is cuspóir don Teachtaireacht seo treoraíocht phraiticiúil a thabhairt d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha maidir le measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta sna nósanna imeachta soláthair phoiblí i gcomhréir le hAirteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Níl an treoraíocht seo ceangailteach ó thaobh dlí. Cé go ndéanann sé athleagan ó am go chéile ar fhorálacha reachtaíocht an Aontais, níl sé i gceist leis cur leis na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar amach sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ná in ionstraimí ceangailteacha eile amhail STEP ná iad a laghdú. Thairis sin, tá an treoraíocht seo gan dochar do na rialacha maidir le státchabhair agus do phrionsabal na coimhdeachta. Féadfaidh an Coimisiún an treoraíocht sin a athbhreithniú nó a leathnú.

CLÁR

Leathanach

I. Réamhrá 4

II. Raon feidhme 4

III. Rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta i nósanna imeachta soláthair phoiblí 6

A. Na ceanglais inbhuanaitheachta comhshaoil (Airteagal 25(1) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) 6

B. Na ceanglais bhreise nach mbaineann le praghsanna (Airteagal 25(3) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) 6

1. An coinníoll speisialta a bhaineann le cúrsaí sóisialta nó fostaíochta 6

2. An ceanglas maidir le comhlíonadh cibearshlándála a léiriú 7

3. An oibleagáid chonarthach shonrach maidir le seachadadh in am 7

C. Na ceanglais athléimneachta (Airteagal 25(7) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) 8

1. Cathain a chuirfear an rannchuidiú athléimneachta san áireamh? 8

2. Na ceanglais athléimneachta a chur i bhfeidhm 9

3. Tionscnamh na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a chinneadh agus a fhíorú 11

4. Luach na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a thomhas 11

5. Na ceanglais athléimneachta a chomhlíonadh le linn an phróisis soláthair 12

6. An muirear comhréireach a chinneadh (Airteagal 25(7)(d) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) 13

IV. Eisceachtaí 13

A. An soláthróir aonair (Airteagal 25(9)a den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) 14

B. Gan aon tairiscint oiriúnach ná iarraidh oiriúnach ar rannpháirtíocht (Airteagal 25(9)(b) agus Airteagal 25(11) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) 14

C. Difríochtaí costais díréireacha (Airteagal 25(9)(c) agus Airteagal 25(10) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) 15

D. Comhaontuithe idirnáisiúnta (Airteagal 25(8) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) 16

LIOSTA GIORRÚCHÁN

CPV	Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar
AC	Ainmníocht Chomhcheangailte
AE	an tAontas Eorpach
GPA	An Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais
CC	Córas Comhchuibhithe
JRC	Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh
MSC	Príomh-chomhpháirt shonrach
NZIA	An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta
PV	Fótavoltach

I. **REAMHRA**

Le Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 ('an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta') ([1]), bunaítear creat dlíthiúil arb é is aidhm dó an t-éiceachóras monaraíochta le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a neartú laistigh den Aontas Eorpach. Go háirithe, chun spleáchas straitéiseach an Aontais maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a slabhraí soláthair a laghdú agus chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach, leagtar síos le hAirteagal 5 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta na cuspóirí don Choimisiún agus do na Ballstáit acmhainneacht mhonaraíochta 40 % ar a laghad de riachtanais imscartha bhliantúla an Aontais le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a bhaint amach faoi 2030; agus 15 % de tháirgeadh domhanda na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta a bhaint amach faoi 2040.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, leagtar síos le hAirteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ceanglais maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí a thagann faoi raon feidhme Threoracha 2014/23/AE ([2]), 2014/24/AE ([3]) agus 2014/25/AE ([4]) ('na treoracha maidir le soláthar poiblí') chun a áirithiú go gcuidíonn caiteachas poiblí le borradh a chur faoin éileamh ar theicneolaíochtaí glan-nialasachta a rannchuidíonn leis an inbhuanaitheacht agus leis an athléimneacht. Sainordaítear le hAirteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta íoscheanglais maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus athléimneacht an tslabhra soláthair a chur i bhfeidhm, chomh maith le hoibleagáidí eile a bhaineann le comhlíonadh an chonartha.

Leis an Teachtaireacht seo, tugtar treoraíocht d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, de bhun Airteagal 29(1) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, agus tá sí gan dochar do na rialacha maidir leis an státchabhair.

II. **RAON FEIDHME**

Tá feidhm ag Airteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta maidir le '*nósanna imeachta soláthair phoiblí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/23/AE, 2014/24/AE nó 2014/25/AE, i gcás conarthaí ina bhfuil teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4(1), pointí (a) go (k), den Rialachán seo mar chuid dá n-ábhar*', agus maidir le '*conarthaí oibreacha agus lamháltais oibreacha lena n-áirítear na teicneolaíochtaí sin*'.

Raon feidhme na dtreoracha maidir le soláthar poiblí a léiriú.. Tá raon feidhme Airteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ar aon dul le raon feidhme na dtreoracha maidir le soláthar poiblí. Dá bhrí sin, ba cheart na tairseacha, na heisiaimh agus na cásanna sonracha dá bhforáiltear sna treoracha sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cé acu a thagann nó nach dtagann nós imeachta soláthair faoi raon feidhme Airteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Mar shampla, tá feidhm ag Airteagal 25 maidir le conarthaí arna bhfóirdheonú ag údaráis chonarthacha má chomhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 13 de Threoir 2014/24/AE ([5]). Ar an gcaoi chéanna, tá feidhm ag Airteagal 25 freisin maidir le córais dhinimiciúla cheannaigh agus maidir le creat-chomhaontuithe ar choinníoll go gcomhlíonann luach an chreat-chomhaontaithe (seachas conarthaí arna ndámhachtain ar bhonn comhaontú den sórt sin) tairseacha na dtreoracha maidir le soláthar poiblí ([6]).

Raon feidhme ama. Is é an dlí atá le cur i bhfeidhm maidir le nós imeachta soláthair an dlí is infheidhme tráth an ghlao ar iomaíocht nó ag tús an nós imeachta – ní nuair a dhámhtar conarthaí. I gcás creat-chomhaontuithe agus conarthaí arna ndámhachtain ar bhonn comhaontuithe den sórt sin, is é an dlí atá le cur i bhfeidhm an dlí is infheidhme tráth fhoilsiú an ghlao ar iomaíocht faoin gcreat-chomhaontú.

Teicneolaíochtaí glan-nialasachta a chuimsiú. Maidir le conarthaí oibreacha agus lamháltais oibreacha, tá feidhm ag Airteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta i gcás ina 'gcuimsítear' leo teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4(1)(a) go (k). Mar shampla, thiocfadh conradh chun foirgneamh scoile a thógáil nó a athchóiriú, a bheidh feistithe le painéil ghréine, faoi raon feidhme Airteagal 25.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1735/oj.

([2]) Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/23/oj).

([3]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj).

([4]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/25/oj).

([5]) Is é sin i gcás ina ndéanann údarás conarthach an conradh oibreacha nó seirbhísí a fhóirdheonú go díreach le níos mó ná 50 % agus i gcás ina sáraíonn sé tairseach áirithe.

([6]) Is féidir na tairseacha atá ann faoi láthair a sheiceáil ar líne anseo: https://single-market-economy.ec.europa.eu/single-market/public-procurement/legal-rules-and-implementation/thresholds_ga.

I gcás nósanna imeachta soláthair eile, tá feidhm ag Airteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta i gcás ina bhfuil teicneolaíochtaí glan-nialasachta acu a liostaítear in Airteagal 4(1)(a) go (k), den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta 'mar chuid dá n-ábhar'. Ba cheart don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach ábhar conartha a chinneadh agus ba cheart é a lua go sainráite sna doiciméid soláthair. Is féidir leis an Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV) cuidiú le húdaráis chonarthacha agus le heintitis chonarthacha ábhar an chonartha a chinneadh. Mar sin féin, ba cheart gnéithe eile a chur san áireamh freisin i gcás inarb ábhartha. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh feidhm a bheith fós ag Airteagal 25 fiú mura luaitear teicneolaíochtaí glan-nialasachta ábhartha in CPV conartha.

Spreagtar cur i bhfeidhm Airteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta i gcás inar cuid d'ábhar conartha í teicneolaíocht ghlan-nialasachta ábhartha. Cé gur cheart an teicneolaíocht ghlan-nialasachta a bheith i measc ábhar an chonartha, is cuma cén sciar de luach iomlán an chonartha atá i gceist léi, ós rud é nach mbaineann ceanglais Airteagal 25(1) agus (7) ach leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a áirítear (agus ní leis an gconradh iomlán). Ar an gcaoi chéanna, níl luach na teicneolaíochta glan-nialasachta ábhartha, fad is atá luach (measta) an chonartha fhoriomláin os cionn na dtairseach chun go mbeidh feidhm ag na treoracha maidir le soláthar poiblí.

Mar sin féin, ní spreagtar cur i bhfeidhm Airteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ach amháin i gcás ina n-áirítear sa chonradh táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta mar chuid dá ábhar. Ní spreagtar é má áirítear in ábhar an chonartha táirgí a bhfuil teicneolaíocht ghlan-nialasachta mar cheann dá bhfo-chomhpháirteanna. Mar shampla, cé go dtagann soláthar ceallraí tionsclaíocha faoi raon feidhme Airteagal 25, ní thagann soláthar busanna leictreacha agus feithiclí leictreacha, ina bhfuil ceallraí, faoi raon feidhme an Airteagail sin ([7]).

I gcás ina roinntear nós imeachta soláthair ina luchtóga, chun críoch Airteagal 25, ní mór measúnú a dhéanamh ar an ábhar in aghaidh na luchtóige, seachas le haghaidh an nós imeachta ar fad. Mar shampla, má roinntear nós imeachta soláthair ina dhá luchtóg, ceann amháin chun an teicneolaíocht ghlan-nialasachta a sheachadadh agus ceann eile chun an teicneolaíocht ghlan-nialasachta a shuiteáil, ní bheadh feidhm ag Airteagal 25 ach amháin maidir leis an gcéad luchtóg. Ní fhéadfar nósanna imeachta a roinnt ina luchtóga arb é is aidhm dóibh iad a eisiamh ó raon feidhme an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta.

Gan aon chumhdach dúbailte idir Airteagail 25 agus 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh forluí a bheith ann idir raon feidhme Airteagail 25 agus 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Maidir leis an gcás sin, leagtar amach an méid seo a leanas in Aithris 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta maidir le critéir nach mbaineann le praghsanna i gceantanna ([8]):

'I gcomhréir le hAirteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2024/1735, ní mór do na Ballstáit critéir réamhcháiliúcháin nó critéir dhámhachtana a áireamh chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú inbhuanaitheachta agus athléimneachta an cheant. Le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1735, ceanglaítear ar údaráis chonarthacha agus ar eintitis chonarthacha íoscheanglais shainordaitheacha maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus ceanglais shainordaitheacha áirithe a chur i bhfeidhm i nósanna imeachta soláthair phoiblí áirithe chun measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú athléimneachta na tairisceana. Nósanna imeachta soláthair phoiblí agus ceantanna chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun úsáide, rannchuidíonn siad araon le hathléimneacht an Aontais. Gnóthais phoiblí a oibríonn san earnáil fuinnimh ar eintitis chonarthacha iad i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tá siad faoi réir Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1735 agus teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4(1), pointe (a) go (k), de Rialachán (AE) 2024/1735 á soláthar acu. An tráth céanna, féadfaidh siad páirt a ghlacadh chomh maith mar thairgeoirí i gceantanna fuinnimh in-athnuaite faoi réir Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1735. Le haithris 81 de Rialachán (AE) 2024/1735 meabhraítear a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear na ceanglais inbhuanaitheachta agus athléimneachta i bhfeidhm ar bhealach lena n-áirithítear iomaíocht chóir agus chomhionann i measc gníomhaithe margaidh gan beann ar a struchtúr úinéireachta. Chun iomaíocht chóir agus chomhionann den sórt sin a áirithiú, chun measúnú a dhéanamh ar athléimneacht agus ar cheanglais inbhuanaitheachta comhshaoil, níor cheart gnóthais phoiblí atá rannpháirteach i gceantanna fuinnimh in-athnuaite de bhun Airteagal 26 a bheith faoi réir ach na rialacha a leagtar síos in Airteagal 26. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha a leagtar amach in Airteagal 25 maidir le soláthar na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear an soláthar sin chun tionscadail arna ndámhachtain i gcomhthéacs ceantanna fuinnimh in-athnuaite faoi réir Airteagal 26 a dhéanamh.'

([7]) Déantar idirdhealú leis sin idir raon feidhme Airteagal 25 agus Airteagal 28 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Tá feidhm ag Airteagal 25 i gcás ina bhfuil teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4(a) go (k) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta mar chuid d'ábhar an chonartha. Áirítear sa liosta sin ceallraí, ar fo-chomhpháirt d'fheithiclí leictreacha iad, ach ní áirítear córais tiomána leictrí le haghaidh iompar ar bóthar, ar féidir iad a chomhshamhlú i bhfeithiclí leictreacha. Os a choinne sin, tá feidhm ag Airteagal 28 maidir le scéimeanna poiblí lena dtacaítear le ceannach aon táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta, lena n-áirítear córais tiomána leictrí le haghaidh iompar ar bóthar. Is é sin an fáth a bhfuil feithiclí astaíochtaí nialasacha faoi raon feidhme Airteagal 28 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta (féach Teachtaireacht C/2026/123 ón gCoimisiún).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun úsáide (IO L, 2025/1176, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1176/oj).

III. **RANNCHUIDIU INBHUANAITHEACHTA AGUS ATHLEIMNEACHTA I NOSANNA IMEACHTA SOLATHAIR PHOIBLI**

Sainordaítear le hAirteagal 25 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta trí chineál éagsúla ceanglas a chur i bhfeidhm, i nósanna imeachta soláthair phoiblí a thagann faoina raon feidhme: na híoscheanglais shainordaitheacha maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil (Airteagal 25(1)), ceanglas athléimneachta (Airteagal 25(7)) agus ceann amháin ar a laghad de na ceanglais bhreise in Airteagal 25(3), a bhaineann le gnéithe sóisialta nó fostaíochta, cibearshlándáil, nó oibleagáid chun seachadadh tráthúil a áirithiú. Ní mór baint a bheith ag na ceanglais leis an teicneolaíocht ghlan-nialasachta shonrach atá á soláthar.

I gcomhréir le hAirteagal 25(12)(a), féadfaidh na Ballstáit critéir bhreise nach mbaineann le praghsanna a úsáid thar na critéir a liostaítear in Airteagal 25, lena n-áirítear critéir nach gcumhdaítear faoi raon feidhme an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta. Má tá státchabhair i gceist, ní mór na critéir uile nach mbaineann le praghsanna a dhearadh i gcomhréir leis na rialacha maidir le státchabhair agus go háirithe, le huasteorainneacha ualúcháin socraithe.

A. **Na ceanglais inbhuanaitheachta comhshaoil (Airteagal 25(1) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)**

Le hAirteagal 25(1) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, ceanglaítear ar údaráis chonarthacha agus ar eintitis chonarthacha íoscheanglais a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta arna soláthar a áireamh, mar a bhunaítear trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/718 ón gCoimisiún ([9]), leagtar síos íoscheanglais shainordaitheacha maidir le hin-athchúrsáilteacht lanna tuirbíní gaoithe. Níl oibleagáidí maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus/nó gnéithe inbhuanaitheachta comhshaoil nach gcumhdaítear leis an ngníomh cur chun feidhme sin i gceist le hAirteagal 25(1) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ([10]). Mar sin féin, féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ceanglais bhreise a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil nó critéir dhámhachtana bhreise a áireamh fós ina nósanna imeachta soláthair, mar a luaitear in Airteagal 25(2).

Braitheann Airteagal 25(1) ar an ngníomh cur chun feidhme lena sonraítear na híoscheanglais maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus, dá bhrí sin, tá feidhm aige ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme sin, i.e. an 30 Meitheamh 2026.

B. **Na ceanglais bhreise nach mbaineann le praghsanna (Airteagal 25(3) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)**

Níl feidhm ag an gceanglas breise nach mbaineann le praghsanna in Airteagal 25(3) ach amháin maidir le conarthaí oibreacha agus lamháltais oibreacha lena n-áirítear teicneolaíocht ghlan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4(1)(a) go (k) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta.

Ceanglaítear leis an bhforáil ar údaráis chonarthacha agus ar eintitis chonarthacha ceann amháin ar a laghad de na trí cheanglas a liostaítear inti a áireamh, is é sin:

— coinníoll speisialta a bhaineann le cúinsí sóisialta nó fostaíochta;

— ceanglas chun comhlíonadh na gceanglas cibearshlándála is infheidhme a léiriú; nó

— oibleagáid chonarthach shonrach chun comhpháirt an chonartha a bhaineann le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a liostaítear in Airteagal 4(1)(a) go (k) a sheachadadh in am.

1. *An coinníoll speisialta a bhaineann le cúrsaí sóisialta nó fostaíochta*

Ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha cuimhneamh ar aidhm an tsoláthair straitéisigh faoin nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, i.e. ba cheart tionchar dearfach sóisialta nó fostaíochta a bheith ag an gcoinníoll ar mhonarú na teicneolaíochta glan-nialasachta is ábhar don chonradh atá i gceist. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh coinníollacha a thagann faoi Airteagal 25(3)(a) tagairt a dhéanamh, mar shampla, d'fhostaíocht daoine a bhfuil deacrachtaí sóisialta nó gairmiúla ar leith acu, rannpháirtíocht FBManna, foinsiú eiticiúil, nó oibleagáidí oiliúna agus printíseachta. Is féidir le húdaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha tagairt a dhéanamh freisin do choinníollacha speisialta sóisialta nó fostaíochta a chuir siad i bhfeidhm go rathúil cheana féin, ar choinníoll go bhfuil siad sin nasctha le hábhar an chonartha atá i gceist.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/718 ón gCoimisiún an 20 Márta 2026 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híoscheanglais inbhuanaitheachta comhshaoil le haghaidh nósanna imeachta soláthair phoiblí a bhaineann le teicneolaíochtaí glan-nialasachta áirithe (IO L, 2026/718, 23.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/718/oj).

([10]) Tá sé sin gan dochar do na hoibleagáidí a eascraíonn as reachtaíocht eile. Mar shampla, i gcás teaschaidéal, tá sé d'oibleagáid ar údaráis chonarthacha agus ar eintitis chonarthacha cheana féin gan ach an dá aicme feidhmíochta fuinnimh is airde a sholáthar (féach Airteagal 7 de Threoir (AE) 2023/1791). I gcás ceallraí, socrófar ceanglais inbhuanaitheachta comhshaoil i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Ceallraí Inbhuanaithe (Rialachán (AE) 2024/1781).

Má tá méid na dtairgeoirí agus na soláthróirí féideartha agus luach na teicneolaíochta glan-nialasachta sa chonradh inchomparáide le méideanna na dtionscadal faoi cheantanna fuinnimh in-athnuaite, moltar d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha an coinníoll speisialta faoi Airteagal 25(3) a ailíniú a mhéid is féidir leis an gcritéar réamhcháiliúcháin ar leith le haghaidh ceantanna an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta (féach Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta). Baineann sé sin leis na gnéithe sóisialta agus na gnéithe a bhaineann le cearta an duine den chritéar réamhcháiliúcháin maidir le hiompar freagrach gnó i gceantanna, a leagtar amach a thuilleadh in Airteagal 4 de Ghníomh Cur Chun Feidhme an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta ([11]). Agus an coinníoll speisialta á ailíniú leis an gcritéar réamhcháiliúcháin, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha a áirithiú go mbaineann ceanglais an choinníll le hábhar an chonartha agus nach dtéann siad níos faide ná sin. Ciallaíonn sé sin gur gá aon cheanglas maidir le dícheall cuí agus nochtadh a dhíriú ar na hoibríochtaí nó ar na slabhraí soláthair atá nasctha leis an táirge, leis an obair nó leis an tseirbhís a sholáthraítear.

Samplaí de choinníollacha speisialta sa soláthar poiblí a bhaineann le cúrsaí sóisialta nó fostaíochta:

— Geallann an conraitheoir X uair an chloig oibre a dhéanamh le haghaidh cláir oiliúna gairmiúla (e.g. printíseachtaí) chomh maith le Y uair an chloig le haghaidh cláir cuimsithe shóisialta (e.g. athimeascadh gairmiúil chun an conradh seo a chomhlíonadh).

— Agus a oibleagáidí faoin gconradh á gcomhlíonadh ag an gconraitheoir, déanann sé gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhícheall cuí maidir le príomhghnéithe sóisialta agus príomhghnéithe a bhaineann le cearta an duine mar a leagtar amach in Airteagal 5(1)(a) go (g) de Threoir (AE) 2024/1760 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach.

2. *An ceanglas maidir le comhlíonadh cibearshlándála a léiriú*

Déantar foráil le hAirteagal 25(3)(b) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta maidir le ceanglas chun comhlíonadh na gceanglas cibearshlándála is infheidhme a léiriú. Tagraítear go sonrach ann don Ghníomh um Chibear-Athléimneacht ([12]) a mbeidh feidhm iomlán aige ón 11 Nollaig 2027. Roimh an dáta sin, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha ceangal a chur ar thairgeoirí a léiriú go gcomhlíonann siad na ceanglais chibearshlándála is infheidhme sa reachtaíocht náisiúnta agus sa reachtaíocht Eorpach.

Tá an chibearshlándáil ar cheann de cheanglais Airteagal 26 maidir le ceantanna (féach Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176). Moltar do na húdaráis náisiúnta na sonraíochtaí a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme ([13]) de chuid Airteagal 26 a leanúint i gcás inar féidir.

3. *An oibleagáid chonarthach shonrach maidir le seachadadh in am*

Ba cheart baint shonrach a bheith ag an oibleagáid maidir le seachadadh in am le comhpháirt an chonartha a bhaineann leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta. Ba cheart a cheangal leis go ndéanfar na gnéithe uile a bhaineann leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta a sheachadadh in am, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, pleanáil, ceannach, suiteáil agus coimisiúnú. Ní gá feidhm a bheith aige maidir leis na comhpháirteanna eile den chonradh.

Ar an gcaoi chéanna leis na critéir bhreise eile nach mbaineann le praghsanna, moltar d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha an coinníoll speisialta a ailíniú leis an gcritéar réamhcháiliúcháin maidir le seachadadh in am d'Airteagal 26 den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Tugtar samplaí de cheanglais réamhcháiliúcháin ábhartha in Airteagal 6 den Ghníomh Cur Chun Feidhme ([14]).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun úsáide (IO L, 2025/1176, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1176/oj).

([12]) Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) (IO L, 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj).

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun úsáide (IO L, 2025/1176, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1176/oj).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1176 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 lena sonraítear na critéir réamhcháiliúcháin agus dhámhachtana le haghaidh ceantanna chun fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun úsáide (IO L, 2025/1176, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1176/oj).

Sampla d'oibleagáid chonarthach maidir le seachadadh in am:

Mairfidh fad ullmhú agus chur i gcrích na n-oibreacha a bhaineann le suiteáil na modúl fótavoltach suas le 4 mhí ón dáta tosaigh a shonraítear sa doiciméad soláthair. Má sháraítear an sprioc-am maidir le críochnú a shonraítear sa chonradh, beidh an conraitheoir faoi dhliteanas i leith pionós EURXXX in aghaidh an lae féilire moille. Tar éis moill 8 lá, beidh feidhm ag pionós méadaithe EURYYY.

C. Na ceanglais athléimneachta (Airteagal 25(7) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)

1. *Cathain a chuirfear an rannchuidiú athléimneachta san áireamh?*

Níl feidhm ag an gceanglas athléimneachta a chumhdaítear in Airteagal 25(7) ach amháin maidir leis an táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus a phríomh-chomhpháirteanna sonracha a bhfuil spleáchas ard soláthair ag an Aontas ar thír nach Ballstát den Aontas í ina leith. Liostaítear príomh-chomhpháirteanna sonracha na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 an 23 Bealtaine 2025 maidir le rialacha a leagan síos chun Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an liosta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú leis an athléimneacht ([15]).

Sainmhínítear spleáchas ard soláthair le hAirteagal 25(7). Áirítear dhá chás:

(1) Tagann níos mó ná 50 % de sholáthar an Aontais de tháirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta nó de phríomh-chomhpháirt shonrach ó thír amháin nach Ballstát den Aontas í; NÓ

(2) Tagann níos mó ná 40 % de sholáthar an Aontais de tháirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta nó de phríomh-chomhpháirt shonrach ó thír aonair nach Ballstát den Aontas í, AGUS tá méadú 10 bpointe céatadáin ar a laghad tagtha ar an sciar sin ar an meán le 2 bhliain as a chéile.

Fíor 1

Cathain is ceart rannchuidiú athléimneachta na tairisceana a chur san áireamh



Chun críocha na treoraíochta seo, aon tír nach Ballstát den Aontas í a chomhlíonann ceann amháin den dá choinníoll a leagtar síos in Airteagal 25(7), an dara fomhír, sainmhínítear í mar 'fhoinse cheannasach soláthair'.

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1178 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2025 maidir le rialacha a leagan síos chun Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an liosta táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha chun gur féidir measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú leis an athléimneacht (IO L, 2025/1178, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1178/oj).

Soláthraíonn an Coimisiún sciartha sholáthar an Aontais de tháirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh tíortha éagsúla nach Ballstáit den Aontas iad go bliantúil trí Theachtaireacht thiomnaithe, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta. Foilsíodh an chéad Teachtaireacht maidir le spleáchais teicneolaíochta glan-nialasachta cheana ([16]) agus tá feidhm aici ón 30 Nollaig 2025. Aibhsítear spleáchais arda i gcló trom agus le dath i dTábla 1 den Teachtaireacht. Ní mór d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha féachaint ar an Teachtaireacht maidir le spleáchais teicneolaíochta glan-nialasachta agus níl siad ceaptha na spleáchais soláthair a ríomh iad féin.

Tabharfar an Teachtaireacht cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. D'fhéadfadh sé nach soláthrófaí léi sonraí spleáchais i gcónaí le haghaidh na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha uile. Tá an Coimisiún ag obair go práinneach chun an bonn a bhunú chun spleáchais ar fud na gcomhpháirteanna sin uile a thomhas. Dá bhrí sin, cuirfear sonraí breise leis de réir a chéile i nuashonruithe a dhéanfar amach anseo. I gcás aon táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta nó aon phríomh-chomhpháirt shonrach nach luaitear sa Teachtaireacht, is féidir glacadh leis nach bhfuil aon spleáchas ard ann.

Chun am a thabhairt d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha iad a oiriúnú don fhaisnéis a tugadh cothrom le dáta maidir le sciar sholáthar agus spleáchais an Aontais ar thíortha éagsúla, cuirfear tábla ina mbeidh na sonraí a tugadh cothrom le dáta ar fáil trí shuíomh gréasáin an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta thart ar 6 mhí roimh fhoilsiú na Teachtaireachta a tugadh cothrom le dáta. Tabharfar an tábla cothrom le dáta sa tríú ráithe de gach bliain, agus foilseofar an Teachtaireacht féin a tugadh cothrom le dáta sa chéad ráithe den bhliain ina dhiaidh sin. Tabhair do d'aire gur chun críoch táscach iad na sonraí a chuirtear ar fáil trí shuíomh gréasáin an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta, agus nach bhfuil ach an Teachtaireacht le húsáid chun measúnú a dhéanamh ar spleáchas soláthair i ndáil le hAirteagal 25(7), an dara fomhír.

Fíor 2

Aga seachadta le haghaidh an cheanglais athléimneachta



2. *Na ceanglais athléimneachta a chur i bhfeidhm*

Spreagtar cur i bhfeidhm na gceanglas athléimneachta i gcás ina gcinntear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le spleáchais ghlan-nialasachta go bhfuil spleáchas ard ar tháirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus/nó ar cheann dá phríomh-chomhpháirteanna sonracha.

Tugtar tuairisc in Airteagal 25(7)(a) agus (b) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta ar na príomhcheanglais maidir le hathléimneacht:

— Foráiltear le mír 7(a) nár cheart níos mó ná 50 % de luach an táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta a bheith de thionscnamh na foinse ceannasaí soláthair.

Ciallaíonn sé sin nach bhféadfadh níos mó ná leath de chostas iomlán an táirge deiridh don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach a bheith de thionscnamh na foinse ceannasaí soláthair. Mar shampla, i gcás córais fhótavoltacha ghréine dín, ní féidir leis an gconradh ach suas le 50 % de chostas iomlán na gcóras fótavoltach gréine a leithdháileadh ar chórais a sholáthraítear ón bhfoinse cheannasach soláthair.

([16]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faisnéis cothrom le dáta a sholáthar chun sciartha sholáthar an Aontais Eorpaigh de tháirgí deiridh agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh tríú tíortha éagsúla a chinneadh faoi Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (IO C, C/2025/3236, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3236/oj).

Tá feidhm ag an ríomh sin maidir le costas sholáthar an táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta ar an údarás conarthach agus ar an eintiteas conarthach. Ní ríomhtar é mar shuim chostais na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha.

— Foráiltear le mír 7(a) nár cheart níos mó ná 50 % de luach na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a bheith de thionscnamh na foinse ceannasaí soláthair.

Tá feidhm ag ceanglas mhír 7(b) maidir le luach comhiomlán na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha uile, seachas maidir le gach comhpháirt aonair. Chun an sciar de thionscnamh na foinse ceannasaí soláthair a ríomh, tá gá le dhá phíosa faisnéise: (1) tionscnamh gach príomh-chomhpháirte sonraí (féach roinn III.C.3), agus (2) sciar luacha gach príomh-chomhpháirte sonraí (féach roinn III.C.4). Ní fhéadfaidh luach iomlán na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha uile de thionscnamh na foinse ceannasaí soláthair a bheith níos mó ná 50 % den luach foriomlán. Ba cheart rogha na gcomhpháirteanna a fhágáil faoin tairgeoir (agus ní faoi na húdaráis chonarthacha ná faoi na heintitis chonarthacha). Áirithítear leis sin iomaíocht leordhóthanach i measc soláthróirí comhpháirteanna agus cuirtear ar a gcumas do thairgeoirí na roghanna is costéifeachtaí a dhéanamh agus na ceanglais á gcur i bhfeidhm.

Físr 3

Airteagal 25(7)(b) a chur i bhfeidhm



Léiríonn an sampla simplithe i Figure 3 é sin: tá cúig phríomh-chomhpháirt shonracha sa teicneolaíocht ghlan-nialasachta sin. Tá sé beartaithe ag an tairgeoir táirge glan-nialasachta a úsáid lena n-áirítear dhá phríomh-chomhpháirt shonracha de thionscnamh na foinse ceannasaí soláthair (ar a bhfuil an lipéad 'MSC1' agus 'MSC4'). Is fiú 35 % de luach na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha uile an chóimeáil agus na comhpháirteanna le chéile. Sa sampla seo, chomhlíonfadh na príomh-chomhpháirteanna sonracha mír 7(b).

Tá feidhm ag an gceanglas athléimneachta maidir leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta sonracha a sheachadtar faoin soláthar, seachas maidir le foinsiú foriomlán nó foinsiú ar an meán an tsoláthróra ar fud a tháirgthe.

D'fhéadfadh dhá thír éagsúla na coinníollacha a chomhlíonadh chun bheith ina bhfoinse cheannasach soláthair – i gcás ina bhfuil tír amháin ceannasach maidir le comhpháirt amháin agus tír eile ceannasach maidir le ceann eile. Sa chás sin, cuirtear an ceanglas athléimneachta i bhfeidhm maidir le gach ceann ar leithligh. Tabhair faoi deara go bhfuil an cás seo hipitéiseach dáta foilsithe na treoraíochta seo.

3. *Tionscnamh na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a chinneadh agus a fhíorú*

Chun Airteagal 25(7) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a chur i bhfeidhm, is gá do thairgeoirí, údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a bheith ar an eolas faoi thionscnamh an táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus faoina phríomh-chomhpháirteanna sonracha. Ba cheart tionscnamh táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus a phríomh-chomhpháirteanna sonracha a chinneadh i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]) (Cód Custaim an Aontais). Bunaítear leis an Rialachán seo na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le hoibríochtaí custaim laistigh den Aontas, lena n-áirítear coincheap na rialacha tionscnaimh chun áit tionscnaimh táirge a shainaithint. Tá na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair bunaithe ar cheannteideal CC táirge. I gcás teicneolaíochtaí atá faoi réir an cheanglais athléimneachta faoi láthair, tugtar forbhreathnú in Iarscríbhinn II ar cheannteidil ábhartha CC. Liostaítear na rialacha tionscnaimh neamhfhabhair i 'Tábla rialacha liosta an Choimisiúin Eorpaigh lena mbronntar tionscnamh neamhfhabhair ar tháirgí (tar éis a n-aicmithe san AC)' ([18]).

A mhéid a bhaineann le cruthúnas ar thionscnamh, i gcomhréir le Cód Custaim an Aontais, tá feidhm ag prionsabal na saorfhianaise. Dá bhrí sin, is féidir raon leathan doiciméad agus fianaise a úsáid chun tionscnamh táirge deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta nó príomh-chomhpháirte sonraí a chruthú. Dá bhrí sin, féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha aon doiciméad a iarraidh lena soláthraítear faisnéis iontaofa a nascann na táirgí lena n-áit mhonaraíochta nó chóimeála. D'fhéadfaí a áireamh ar na doiciméid sin sonraisc, aitheantas táirge, sraithuimhreacha nó cóid, ainmchláir, deimhnithe tionscnaimh, billí luchta agus doiciméid iompair eile, billí ábhair, deimhnithe cigireachta monarchan nó córais forghníomhaithe monaraíochta.

Cé nach bhfuil feidhm ag Cód Custaim an Aontais ach amháin maidir le táirgí a allmhairítear isteach san Aontas, is féidir an doiciméadacht chéanna a úsáid de réir analaí le haghaidh táirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta agus príomh-chomhpháirteanna sonracha nach raibh faoi réir Chód Custaim an Aontais. Áirítear leis sin táirgí deiridh agus príomh-chomhpháirteanna sonracha a mhonaraítear san Aontas nó a allmhairítear mar chuid de tháirge níos leithne. Sa chás deireanach sin, sholáthródh doiciméadacht chustaim cruthúnas ar thionscnamh an táirge níos leithne, ach ní ar thionscnamh na gcomhpháirteanna sonracha atá leabaithe ann.

Sa bhreis ar fhianaise dhoiciméadach, ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha brath de réir a chéile ar chórais inrianaitheachta digití lena gcumasaítear fíorú tionscnaimh agus fíorú slabhraí soláthair ar bhealach slán agus idir-inoibritheach. D'fhéadfaí Pasanna Táirge Digiteacha a áireamh air sin amach anseo. Má shonraíonn an conraitheoir go dtagann cuid dá tháirgí nó dá phríomh-chomhpháirteanna sonracha ón bhfoinse cheannasach soláthair, níor cheart don údarás conarthach ná don eintiteas conarthach aon chruthúnas ar thionscnamh a iarraidh le haghaidh na dtáirgí nó na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha sin.

Mura soláthraíonn an conraitheoir aon doiciméad ábhartha lena léirítear tionscnamh nó áit chóimeála táirge nó príomh-chomhpháirte sonraí, ba cheart don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach glacadh leis gur de thionscnamh tír a bhfuil spleáchas mór ag an Aontas uirthi na táirgí sin nó na príomh-chomhpháirteanna sonracha sin, nó go bhfuil siad cóimeáilte i dtír den sórt sin.

Chun an riarachán a laghdú d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha, molann an Coimisiún do na Ballstáit 'geal-liostaí' táirgí teicneolaíochta glan-nialasachta a chomhlíonann na ceanglais athléimneachta a chruthú.

4. *Luach na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a thomhas*

Chun Airteagal 25(7)(b) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a chur i bhfeidhm, is gá do thairgeoirí, d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha a bheith ar an eolas faoi sciar luacha gach príomh-chomhpháirte sonraí i leith an táirge deiridh. Chun é sin a dhéanamh, is féidir le tairgeoirí na sciartha luacha tagartha a sholáthraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an treoirdhoiciméad seo a úsáid nó sciartha luacha iarbhír na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a léiriú trí dhoiciméid tacaíochta iomchuí a úsáid.

([17]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

([18]) An Coimisiún Eorpach, Tábla na rialacha liosta lena mbronntar tionscnamh neamhfhabhair ar tháirgí (de réir an aicmithe san AC), https://taxation-customs.ec.europa.eu/table-list-rules-conferring-non-preferential-origin-products-following-classification-cn_ga.

Luachanna tagartha

Is féidir le tairgeoirí luachanna tagartha a úsáid chun cur i bhfeidhm an cheanglais athléimneachta a shimpliú. Le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an treoirdhoiciméad seo, soláthraítear scaireanna luacha tagartha le haghaidh phríomh-chomhpháirteanna sonracha na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta is ábhartha i gcomhthéacs an tsoláthair phoiblí. Tá na sciartha luacha bunaithe ar mheastacháin ó Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin Eorpaigh. Léiríonn siad breisluach na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha ([19]).

Ní sholáthraítear luachanna tagartha ach amháin le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta a bhfuil spleáchas soláthair ([20]) ann ina leith tráth foilsithe na treoraíochta seo. Féadfar an treoraíocht sin a thabhairt cothrom le dáta chun luachanna tagartha a sholáthar le haghaidh teicneolaíochtaí glan-nialasachta breise más gá, e.g. nuair a thagann spleáchais soláthair chun cinn maidir le teicneolaíochtaí breise. Féadfar na luachanna tagartha a thabhairt cothrom le dáta freisin chun dálaí athraitheacha an mhargaidh a léiriú.

Luachanna iarbhír

D'fhéadfadh sé nach léiríonn na sciartha luacha tagartha a sholáthraítear in Iarscríbhinn I luach iarbhír príomh-chomhpháirte sonraí. Dá bhrí sin, ba cheart deis a bheith ag tairgeoirí sciartha luacha a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a chinneadh agus na sciartha luacha sin a úsáid agus ceanglas athléimneachta Airteagal 25(7)(b) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta á chur i bhfeidhm. Agus é sin á dhéanamh acu, ba cheart tairgeoirí a bheith in ann a léiriú do na húdaráis chonarthacha nó do na heintitis chonarthacha conas a ríomhann siad sciar luacha na gcomhpháirteanna.

Chun sciartha luacha a imíonn ó na cinn sin in Iarscríbhinn I a chinneadh agus a léiriú, nó maidir le soláthar teicneolaíochtaí nach liostaítear in Iarscríbhinn I, ba cheart cloí leis na prionsabail seo a leanas:

— is 100 % atá sna sciartha luacha na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha uile;

— tá breisluach coibhneasta mhonarú na príomh-chomhpháirte sonraí lena mbaineann i gceist le gach sciar aonair;

— ní mór doiciméadacht iomchuí maidir le praghsanna ceannaigh agus tionscnamh na gcomhpháirteanna a sholáthar, mar a thugtar tuairisc air i roinn III.C.3;

— ba cheart luachanna na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha a ríomh chun dleachtanna frithdhumpála, dleachtanna frithchúitimh agus taraifí a áireamh.

I gcás ina n-eisítear sonrasc in airgeadra eile, ní mór an luach a chomhshó go EUR ar bhonn ráta malairte EUR atá bailí tráth an cheannaigh.

5. *Na ceanglais athléimneachta a chomhlíonadh le linn an phróisis soláthair*

Maidir leis na ceanglais, coinníollacha agus oibleagáidí conarthacha eile uile d'Airteagal 25, ní mór do thairgeoirí gealltanas a thabhairt go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais athléimneachta tráth a chuirfear an tairiscint isteach, mar shampla trí fhéindearbhú. Is féidir comhlíonadh iarbhír a léiriú tráth níos déanaí.

Tá sé de rogha ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha a chinneadh cathain a sheiceálfaidh siad comhlíonadh iarbhír na gceanglas. D'fhéadfadh sé sin a bheith ag pointí éagsúla ar feadh shaolré an tionscadail. Ar an gcaoi chéanna, tá sé de rogha acu a chinneadh cé na doiciméid a fhéadfar a úsáid chun comhlíonadh a léiriú go leormhaith.

([19]) Tugtar neamhaird ar bhreisluach na gcomhpháirteanna seachas na príomh-chomhpháirteanna sonracha sna meastacháin sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na sciartha luacha a bheith níos mó ná breisluach na bpríomh-chomhpháirteanna sonracha agus comhpháirteanna agus céimeanna eile uile an tslabhra luacha á gcur san áireamh.

([20]) De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún faisnéis cothrom le dáta a sholáthar chun sciartha sholáthar an Aontais Eorpaigh de tháirgí deiridh agus a bpríomh-chomhpháirteanna sonracha de thionscnamh tríú tíortha éagsúla a chinneadh faoi Rialachán (AE) 2024/1735 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta) (IO C, C/2025/3236, 18.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3236/oj).

Agus na ceanglais á leagan síos chun comhlíonadh na hathléimneachta a léiriú, tá sé tábhachtach go gcuirfidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha an t-aga seachadta san áireamh chun soláthróir eilimint teicneolaíochta glan-nialasachta an chonartha a chinneadh: ní bheidh an conraitheoir in ann fianaise a sholáthar roimh chéim an tionscadail ina roghnófar na soláthróirí.

6. *An muirear comhréireach a chinneadh (Airteagal 25(7)(d) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)*

Déanfar tairiscint lena n-áirítear oibleagáidí athléimneachta a dhámhachtain ar an tairiscint is fearr i measc na dtairiscintí sin a chomhlíonann na hoibleagáidí athléimneachta agus ceanglais eile. I gcás, ag céim níos déanaí, nach mbeidh tairgeoir buaiteach in ann fianaise leordhóthanach a sholáthar d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha chun comhlíonadh Airteagal 25(7)(a) agus (b) a chruthú, ceanglóidh na húdaráis chonarthacha agus na heintitis chonarthacha ar an tairgeoir buaiteach muirear comhréireach 10 % ar a laghad de luach tháirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta sonracha an chonartha a íoc – seachas luach foriomlán an chonartha. Ní mór muirear 10 % ar a laghad a chur i bhfeidhm maidir le luach iomlán an táirge deiridh glan-nialasachta mura féidir leis an tairgeoir a léiriú go bhfuil na ceanglais á gcomhlíonadh go hiomlán – agus i gcás nach bhfuil ach cuid den teicneolaíocht ghlan-nialasachta neamhchomhlíontach.

Sampla: seolann údarás conarthach nó eintiteas conarthach conradh oibreacha poiblí chun modúil fhótavoltacha a sholáthar agus a shuiteáil. Sula seolfar an nós imeachta soláthair, cinneann an Coimisiún gur foinse cheannasach soláthair modúl fótavoltach í tír X, agus nach mór don nós imeachta soláthair na ceanglais athléimneachta faoi Airteagal 25(7) a chur i bhfeidhm. Le linn chomhlíonadh an chonartha, iarrann an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach fianaise ar chomhlíonadh faoi Airteagal 25(7)(c). Soláthraíonn an conraitheoir cruthúnas ábhartha gur sholáthair sé na modúil fhótavoltacha lasmuigh de thír X, ach le haghaidh 30 % amháin de luach iomlán na modúl fótavoltach a soláthraíodh. Faoi Airteagal 25(7)(d), ní mór don chonraitheoir muirear comhréireach 10 % ar a laghad de luach na modúl fótavoltach uile a sholáthraítear faoin gconradh a íoc.

Ba cheart d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha a áirithiú nach bhfuil luach na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta sa chonradh thar a bheith íseal. Leis an muirear iomchuí, ní mór tagairt a dhéanamh do luach na dtáirgí deiridh teicneolaíochta glan-nialasachta lena léirítear dálaí an mhargaidh. Mar shampla, áirítear le conradh oibreacha le haghaidh obair tógála painéil ghréine a shuiteáil. Tá praghas na bpainéal 50 % faoi bhun phraghas an mhargaidh. Ní féidir an fhianaise is gá a sholáthar chun na ceanglais athléimneachta a chomhlíonadh. Leis an muirear iomchuí, ní mór tagairt a dhéanamh do sciar luacha den chóras fótavoltach gréine ar luach margaidh, seachas ar an bpraghas íseal a léirítear sa chonradh oibreacha.

A mhéid a bhaineann leis an muirear comhréireach, ba cheart é a bheith ard go leor chun straitéisí tairisceana a dhíspreagadh lena mbaineann neamhchomhlíonadh an cheanglais athléimneachta d'aon ghnó nach féidir a fhíorú ach go cúlghabhálach. Féadfaidh an muirear a bheith i bhfoirm pionós cnapshuime, nó i bhfoirmeacha eile de réir mar is iomchuí.

IV. **EISCEACHTAI**

Le hAirteagal 25(9) agus Airteagal 25(11), ceadaítear d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha cinneadh a dhéanamh, i gcásanna eisceachtúla áirithe, gan na critéir inbhuanaitheachta agus athléimneachta a chur i bhfeidhm i gcásanna eisceachtúla áirithe.

I gcomhréir le hAirteagal 25(9), féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a chinneadh, agus an glao á fhoilsiú acu nó tús á chur acu leis an nós imeachta, gan na ceanglais inbhuanaitheachta comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 25(1) ná na ceanglais bhreise in Airteagal 25(3) a chur i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas:

— i gcás, tar éis meastóireacht oibiachtúil thrédhearcach, nach mbeadh ach oibreoir eacnamaíoch amháin in ann an teicneolaíocht a sholáthar (Airteagal 25(9)(a));

— i gcás nach raibh tairiscintí oiriúnacha nó iarrataí ar rannpháirtíocht mar thoradh ar nós imeachta comhchosúil roimhe sin (Airteagal 25(9)(b)); nó

— i gcás ina mbeadh na difríochtaí costais idir tairiscintí comhlíontacha agus tairiscintí neamhchomhlíontacha díréireach (Airteagal 25(9)(c)).

Maidir leis na critéir athléimneachta a leagtar síos in Airteagal 25(7), tá córas na n-eisceachtaí éagsúil. Déantar foráil le hAirteagal 25(8) maidir le heisceacht uathoibríoch agus shainordaitheach i gcás ina gceanglaítear é sin le comhaontuithe idirnáisiúnta. Leagtar amach le hAirteagal 25(11) eisceacht *ex post* níos teoranta: féadfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a chinneadh gan na ceanglais athléimneachta a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nach bhfuil aon tairiscint oiriúnach ná iarraidh oiriúnach ar rannpháirtíocht sa nós imeachta céanna mar thoradh ar na ceanglais sin a áireamh.

Foras na heisceachta ✓- is foras féideartha é; × - ní foras féideartha é	Ceanglais inbhuanaitheachta comhshaoil (Airteagal 25(1))	Ceanglais bhreise (Airteagal 25(3))	Ceanglais athléimneachta (Airteagal 25(7))
Soláthróir aonair	✓ Airteagal 25(9)(a)	✓ Airteagal 25(9)(a)	×
Níl aon tairiscint oiriúnach ann	✓ — mar fhreagairt ar nós imeachta comhchosúil roimhe sin Airteagal 25(9)(b)	✓ — mar fhreagairt ar nós imeachta comhchosúil roimhe sin Airteagal 25(9)(b)	✓ — mar fhreagairt ar an nós imeachta céanna Airteagal 25(11)
Costais dhíréireacha nó neamhréireacht theicniúil	✓ Airteagal 25(9)(c)	✓ Airteagal 25(9)(c)	×
Comhaontuithe idirnáisiúnta (e.g. an Comhaontú maidir le Soláthar Rialtais)	×	×	✓ Airteagal 25(8)

A. **An soláthróir aonair (Airteagal 25(9)a den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)**

Tagraíonn an eisceacht in Airteagal 25(9)(a) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta do chás monaplachta nach féidir ach le hoibreoir eacnamaíoch ar leith an teicneolaíocht ghlan-nialasachta a sholáthar ann, agus nach ann d'aon rogha mhalartach ná ionadach réasúnach. Má dhéanann údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha réamhanailís mhargaidh agus/nó réamhchomhairliúcháin mhargaidh agus má shuíonn siad, tar éis meastóireacht oibiachtúil thrédhearcach a dhéanamh, gur ann do chás monaplachta den sórt sin, féadfaidh siad a chinneadh gan ceanglais Airteagal 25(1) agus (3) a chur i bhfeidhm. Thairis sin, níor cheart an easpa iomaíochta a bheith mar thoradh ar shrian saorga a chur le paraiméadair an nós imeachta soláthair phoiblí. Ní fhéadfaidh údaráis chonarthacha ná eintitis chonarthacha sonraíochtaí teicniúla ná ceanglais theicniúla a chúbláil chun iomaíocht a eisiamh. Ina ionad sin, tá an eisceacht teoranta go docht do chásanna dosheachanta eisiachais theicneolaíoch.

Ba cheart an eisceacht a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach, de réir na bprionsabal a leagtar amach i ndlí soláthair phoiblí an Aontais. Ba cheart do na húdaráis chonarthacha agus do na heintitis chonarthacha a bheith in ann a léiriú nach ann d'aon soláthróir ná ionadaí malartach réasúnach, agus nach bhfuil easpa tairiscintí iomaíocha mar thoradh ar shrianta féin-fhorchurtha nó neamhriachtanacha laistigh den phróiseas soláthair ar leith a bhaineann leis an teicneolaíocht ghlan-nialasachta.

B. **Gan aon tairiscint oiriúnach ná iarraidh oiriúnach ar rannpháirtíocht (Airteagal 25(9)(b) agus Airteagal 25(11) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)**

Maidir leis na ceanglais inbhuanaitheachta comhshaoil agus na ceanglais bhreise, ceadaítear le heisceacht Airteagal 25(9)(b) d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha gan ceanglais Airteagal 25(1) agus (3) a chur i bhfeidhm i gcás nár cuireadh isteach aon tairiscint oiriúnach ná iarraidh oiriúnach ar rannpháirtíocht mar fhreagairt ar nós imeachta soláthair phoiblí comhchosúil a bhí ann roimhe sin agus a sheol an t-údarás conarthach céanna nó an t-eintiteas conarthach céanna sa 2 bhliain díreach roimh thús an nós imeachta soláthair nua atá beartaithe.

Soiléirítear a thuilleadh le Treoir 2014/24/AE cathain ba cheart a mheas nach bhfuil tairiscint nó iarraidh ar rannpháirtíocht 'oiriúnach'. Déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

'*Measfar nach bhfuil tairiscint oiriúnach i gcás nach mbaineann sí leis an gconradh, ós rud é gur léir nach bhfuil sí in ann, gan athruithe substaintiúla, riachtanais agus ceanglais an údaráis chonarthaigh a chomhlíonadh mar a shonraítear sna doiciméid soláthair. Measfar nach bhfuil iarraidh ar rannpháirtíocht oiriúnach i gcás ina bhfuil an t-oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann le heisiamh, nó i gcás ina bhféadfaí é a eisiamh, de bhun Airteagal 57 nó i gcás nach gcomhlíonann sé na critéir roghnúcháin atá leagtha amach ag an údarás conarthach de bhun Airteagal 58.*' ([21])

Ba cheart a chur i dtábhacht nach féidir a mheas nach bhfuil tairiscint nó iarraidh ar rannpháirtíocht 'oiriúnach' i gcás inar mó a praghas ná buiséad an údaráis chonarthaigh nó an eintitis chonarthaigh mar a cinneadh agus mar a doiciméadaíodh sular seoladh an nós imeachta soláthair.

Maidir leis na ceanglais athléimneachta, ní féidir Airteagal 25(11) a úsáid ach amháin i gcás inar seoladh nós imeachta soláthair phoiblí lena n-áirítear na ceanglais athléimneachta agus nár spreagadh tairiscintí oiriúnacha ná iarrataí oiriúnacha ar rannpháirtíocht. Ní féidir é a chur i bhfeidhm ar bhonn nós imeachta soláthair phoiblí comhchosúil roimhe sin nár spreag aon tairiscint oiriúnach ná aon iarraidh oiriúnach ar rannpháirtíocht, ná ar bhonn réamhanailís mhargaidh a léiríonn nach gcuirfear aon tairiscint oiriúnach ná iarraidh oiriúnach ar rannpháirtíocht isteach má sheoltar nós imeachta soláthair phoiblí lena n-áirítear na ceanglais athléimneachta.

Nuair a chomhlíontar an coinníoll sin, is féidir le húdaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha roghnú as dhá rogha:

— ***Nós imeachta idirbheartaithe gan foilsiú roimh ré.*** Má roghnaíonn údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid, ní cheadaítear dóibh aon cheann de na sonraíochtaí tairisceana / na híoscheanglais a athrú, lena n-áirítear na ceanglais athléimneachta. Mar sin féin, beidh siad in ann dul i mbun caibidlíochta maidir leis na gnéithe eile den chonradh.

— ***Gan na ceanglais athléimneachta a chur i bhfeidhm*** Is féidir le húdaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha rogha a dhéanamh freisin nós imeachta soláthair phoiblí nua a sheoladh arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chéanna leis an nós imeachta tosaigh, ach gan na ceanglais athléimneachta a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, tá níos mó solúbthachta ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha sonraíochtaí tairisceana an nós imeachta soláthair phoiblí tosaigh a mhodhnú.

C. Difríochtaí costais díréireacha (Airteagal 25(9)(c) agus Airteagal 25(10) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)

De réir Airteagal 25(9)(c) agus Airteagal 25(10) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, i gcás ina bhfuil an difríocht mheasta sa phraghas a bhaineann leis an gceanglas inbhuanaitheachta (Airteagal 25(1)) agus leis an gceanglas breise (Airteagal 25(3)) a chur i bhfeidhm níos airde ná 20 %, féadfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach a chinneadh gan an dá cheanglas sin a áireamh sa nós imeachta soláthair phoiblí.

Leis an difríocht mheasta 20 % sa phraghas, ba cheart tagairt a dhéanamh do chostas ghné na teicneolaíochta glan-nialasachta sa chonradh soláthair, seachas do luach an chonartha fhoriomláin. Ba cheart luach an tsoláthair a mheas i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2014/24/AE, i gcás inarb infheidhme.

Is gá don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach measúnú a dhéanamh ar an gcostas díréireach roimh thús an nós imeachta soláthair phoiblí. Ní léirítear é ach amháin má sholáthraíonn an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach sonraí oibiachtúla infhíoraithe lena léirítear, agus gach ní eile mar a chéile, go mbeadh an difríocht chostais idir nós imeachta soláthair phoiblí a dhéantar trí úsáid a bhaint as na critéir sin nach mbaineann le praghsanna agus nós imeachta soláthair phoiblí gan na critéir sin nach mbaineann le praghsanna os cionn 20 %. Ciallaíonn sonraí oibiachtúla infhíoraithe sonraí ar bhonn anailís mhargaidh a léiríonn conas a mhéadódh cur i bhfeidhm na gcritéar costas na dtionscadal tairisceana i gcomparáid le hanailís chostais fhrithfhíorasach nár cuireadh critéir Airteagal 25 nach mbaineann le praghsanna i bhfeidhm inti. D'fhéadfaí costas na nósanna imeachta soláthair phoiblí is déanaí a úsáid mar thagairt. Ní mór sonraí a bheith infhíoraithe, sa chiall gur gá páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoin anailís a dhéanann an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach.

([21]) Airteagal 32(2), pointe (a), an dara fomhír, de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/oj).

Ós rud é go bhfuil leibhéal áirithe solúbthachta ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar nach mbaineann le praghsanna – lena n-áirítear, mar shampla, an fhéidearthacht roghnú as na critéir bhreise éagsúla nach mbaineann le praghsanna in Airteagal 25(3), nó ceanglas breise nach mbaineann le praghsanna a chur i bhfeidhm i ndáil le hinbhuanaitheacht comhshaoil mar a leagtar amach in Airteagal 25(2) – is gá an meastachán ar an difríocht chostais a bheith bunaithe ar chritéir ag a bhfuil an tionchar is ísle is féidir ar chostais. Má tá difríochtaí costais measta os cionn 20 % mar thoradh ar na critéir a shocraítear ar an leibhéal is ísle sin, féadfaidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach a chinneadh gan critéir nach mbaineann le praghsanna Airteagal 25(1) go (4) a chur i bhfeidhm.

D. **Comhaontuithe idirnáisiúnta (Airteagal 25(8) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)**

Le heisceacht Airteagal 25(8) den Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, cumhdaítear cás ina bhfuil an fhoinse cheannasach soláthair ina páirtí i gcomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le soláthar poiblí. Foráiltear leis nár cheart feidhm a bheith ag na ceanglais athléimneachta maidir le teicneolaíochtaí glan-nialasachta a bhfuil an fhoinse cheannasach soláthair faoi cheangal ag an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais nó ag comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha eile a bhfuil an tAontas faoi cheangal acu freisin ina leith, má chumhdaítear an nós imeachta soláthair phoiblí le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais nó le comhaontú idirnáisiúnta ábhartha eile ([22]). Tagraíonn an eisceacht seo do thionscnamh na dtáirgí, ní d'áit chorpraithe an tsoláthróra.

Má ghlacaimid sampla de nós imeachta soláthair phoiblí ag údarás conarthach de chuid an Aontais chun suiteáil córais fhótavoltaigh gréine a cheannach, cumhdófar an nós imeachta le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais (comhlíontar coinníoll 1). Sainaithnítear sa Teachtaireacht maidir le sciartha sholáthar an Aontais spleáchas ard (> 50 %) ar thír X chun córais fhótavoltacha ghréine a sholáthar (is gá Airteagal 25(7) a chur i bhfeidhm).

— Glactar leis go bhfuil tír X ina páirtí i gcomhaontú idirnáisiúnta ábhartha lena rialaítear soláthar poiblí. Dá bhrí sin, ní gá na ceanglais athléimneachta a chur i bhfeidhm maidir le táirgí deiridh agus comhpháirteanna de thionscnamh thír X.

— Glactar leis nach bhfuil tír X ina páirtí i gcomhaontú idirnáisiúnta ábhartha lena rialaítear soláthar poiblí. Dá bhrí sin, ní mór na ceanglais athléimneachta a chur i bhfeidhm maidir le táirgí deiridh agus comhpháirteanna de thionscnamh thír X.

([22]) Tá Iarscríbhinní 1 go 5 i bhFoscríbhinn I den Chomhaontú maidir le Soláthar Rialtais, agus is féidir tuilleadh faisnéise a fháil anseo: https://www.wto.org/english/tratop_e/gproc_e/gp_app_agree_e.htm. Is féidir le huirlis 'soláthar do cheannaitheoirí' an Choimisiúin Eorpaigh a bheith cuidiúil chun a chinneadh an gcumhdaítear nós imeachta: https://webgate.ec.europa.eu/procurementbuyers/ga/#/procumementlocation.

IARSCRÍBHINN I

LUACHANNA TAGARTHA CHUN AN SCIAR DE BHREISLUACH PHRÍOMH-CHOMHPHÁIRTEANNA SONRACHA AN TÁIRGE DEIRIDH TEICNEOLAÍOCHTA GLAN-NIALASACHTA A CHINNEADH

Teicneolaíochtaí gréine

Táirgí deiridh	Príomh-chomhpháirteanna sonracha	% de chostais chrua-earraí an táirge deiridh
Fo-chatagóir: Teicneolaíochtaí fótavoltacha		
Córais fhótavoltacha ghréine (modúl, córas gléasta seasta, inbhéartóir)	Polaisileacón de ghrád fótavoltach	7,2
	Tinní sileacóin de ghrád fótavoltach nó a gcoibhéis	6,4
	Sliseoga fótavoltacha nó a gcoibhéis	9,5
	Cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis	20,4
	Gloine gréine	9,5
	Modúil fhótavoltacha	26,6
	Inbheartóirí fhótavoltacha	20,4

Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír agus teicneolaíochtaí in-athnuaite amach ón gcósta

Táirgí deiridh	Príomh-chomhpháirteanna sonracha	% de chostais chrua-earraí an táirge deiridh
Fo-chatagóir: Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír		
Tuirbíní gaoithe ar tír	Naoisilí (cóimeáil)	8,4
	Moil rótair	2,4
	Príomhimthacaí, imthacaí luascála agus imthacaí claonta	5,9
	Gléasra cumhachta gan ghiar (gineadóir san áireamh) agus/nó gléasraí cumhachta giarbhosca (gineadóir san áireamh)	12,9
	Buanmhaighnéid tuirbíní gaoithe	1,2
	Giarbhoscaí tuirbíní gaoithe	8,4
	Lanna	31,0
	Túir	29,8
Tuirbíní gaoithe amach ón gcósta (gan ghiarbhosca)	Naoisilí (cóimeáil)	5,8
	Moil rótair	3,5
	Príomhimthacaí, imthacaí luascála agus imthacaí claonta	5,8
	Gléasra cumhachta gan ghiar (gineadóir san áireamh) agus/nó gléasraí cumhachta giarbhosca (gineadóir san áireamh)	15,0
	Buanmhaighnéid tuirbíní gaoithe	7,0
	Lanna	15,2
	Túir	8,1
	Bunsraitheanna / snámháin (le haghaidh gaoth amach ón gcósta)	39,6

Táirgí deiridh	Príomh-chomhpháirteanna sonracha	% de chostais chrua-earraí an táirge deiridh
	Fo-chatagóir: Teicneolaíochtaí gaoithe ar tír	
Tuirbíní gaoithe amach ón gcósta (ag a bhfuil ghiarbhosca)	Naoisilí (cóimeáil)	5,7
	Moil rótair	3,4
	Príomhimthacaí, imthacaí luascála agus imthacaí claonta	5,7
	Gléasra cumhachta gan ghiar (gineadóir san áireamh) agus/nó gléasraí cumhachta giarbhosca (gineadóir san áireamh)	14,6
	Buanmhaighnéid tuirbíní gaoithe	1,1
	Giarbhoscaí tuirbíní gaoithe	7,8
	Lanna	14,9
	Túir	8,0
	Bunsraitheanna / snámháin (le haghaidh gaoth amach ón gcósta)	38,8

Teicneolaíochtaí ceallraí agus stórála fuinnimh

Táirgí deiridh	Príomh-chomhpháirteanna sonracha	% de chostais chrua-earraí an táirge deiridh
	Fo-chatagóir: Teicneolaíochtaí ceallraí	
Ceallraí	Ceallra-phacaí	10
	Modúil ceallraí	10
	Cealla ceallraí	14
	Ábhair ghníomhacha chatóide	27
	Ábhair ghníomhacha anóide	7
	Leictrilítí	8
	Deighilteoirí	8
	Tiomsaitheoirí cumhachta (lena n-áirítear scragaill chopair thanaí agus alúmanaim)	6
	Córais bainistithe ceallra	5
	Córais bainistithe theirmigh ceallra	5

IARSCRÍBHINN II

CEANNTEIDIL CC A BHAINEANN LE TÁIRGÍ TEICNEOLAÍOCHTA GLAN-NIALASACHTA AGUS NA PRÍOMH-CHOMHPHÁIRTEANNA SONRACHA

Táirge teicneolaíochta glan-nialasachta	Comhpháirteanna	Ceannteideal CC
Córais fhótavoltacha ghréine	Polaisileacón de ghrád fótavoltach	2804
	Tinní sileacóin de ghrád fótavoltach nó a gcoibhéis	2804
	Sliseoga fótavoltacha nó a gcoibhéis	3818
	Cealla fótavoltacha nó a gcoibhéis	ex3541(a)
	Gloine gréine	7005
		ex7006(b)
		7007
	Modúil fhótavoltacha	ex8541(a)
	Inbheartóirí fhótavoltacha	8504
	Rianairí fótavoltacha agus a struchtúir ghléasta shonracha	8479
Córais grianteasa theirmigh	Tiomsaitheoirí grianteasa theirmigh (lena n-áirítear tiomsaitheoirí leacaithe, tiomsaitheoirí feadán folmhaithe, dianchórais agus tiomsaitheoirí aeir)	8419
	Ionsúirí grianteasa theirmigh	8419
	Gloine gréine	7005
		ex7006(b)
		7007
	Rianairí grianteasa theirmigh agus a struchtúir ghléasta shonracha	8479
Teicneolaíochtaí gaoithe ar talamh agus teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta	Naoisilí (cóimeáil)	8501
	Moil rótair	8412
	Príomhimthacaí, imthacaí luascála agus imthacaí claonta	8482
	Gléasra cumhachta gan ghiar (gineadóir san áireamh) agus/nó gléasraí cumhachta giarbhosca (gineadóir san áireamh)	8501
	Buanmhaighnéid tuirbíní gaoithe	8505
	Giarbhoscaí tuirbíní gaoithe	8483
	Lanna	8412
	Túir	7308
	Bunsraitheanna / snámháin (amach ón gcósta amháin)	7308

Táirge teicneolaíochta glan-nialasachta	Comhpháirteanna	Ceannteideal CC
Ceallraí	Ceallra-phacaí	8507
	Modúil ceallraí	8507
	Cealla ceallraí	8507
	Ábhair ghníomhacha chatóide	2842
		2841
	Ábhair ghníomhacha anóide	3801 10
	Leictrilítí	2826
	Deighilteoirí	8507
	Tiomsaitheoirí cumhachta (lena n-áirítear scragaill chopair thanaí, alúmanaim, nicile agus charbóin)	7410
		7607 11
		7607 19
		ex7506(a)
	Córais bainistithe ceallra	8537